MEÁNSCOIL GHARMAN NUACHTLITIR

Míle Buíochas do

C&R PRINT

The Quay, Enniscorthy

www.crprint.ie
info@crprint.ie

Carúil na Nollag

Bailíodh €420 ar son Rehab Ireland roimh na Nollag nuair a bhailigh na daltaí go léir le chéile faoi stiúradh Clár agus Richie ó hEadhra (Na Macallaí) chun roinnt carúil Nollag a chanadh in Inis Córthaidh. Is trua gur piocadh an lá is fuaire den bhliain chun tabhairt faoin imeacht seo – laistigh de 10 nóiméad bhí chuile duine préachta leis an bhfuacht. Ach daoine cróga, láidre atá againn anseo i Meánscoil Gharman agus in ainneoin go raibh méaracha ag titim as, craiceann ag athrú dath ó dearg go bán go gorm (agus i gcás amháin ar a laghad go corcra) leanamar ar aghaidh ag canadh go dtí gur thosaigh liathróidí oighir ag titim ón spéir (le cabhair, caithfear a rá, ó dhaltaí i scoil eile nach n-ainmneofar anseo...). Ní raibh fhios againn an t-am sin ach b'shin tús den "Aois Oighir" a dhún an scoil ar feadh cúpla lá i ndiaidh na Nollag.

€420 was collected on behalf of Rehab Ireland before Christmas when the students (under the baton of Clár and Richie ó hEadhra of Na Macallaí) to sing some Christmas Carols "as Gaeilge" in Enniscorthy. Unfortunately, Friday the 18th of December was right at the start of the mini ice age which paralyzed the country and within minutes the effects of the cold began to bite. But we are a hardy, uncomplaining bunch here in the Meánscoil, so it was only when frozen limbs began to fall off and skin turned various shades of blue (and even a fetching purple in one or two cases) that meaningful glances at the minibus became refugee-like pleas for deliverance. The final straw came when the group was ambushed by the occasional ice bomb delivered with youthful Christmas cheer by students from another school...The indignity of it! Little did we know then that the cold that cut short our festive greeting to the people of Enniscorthy would be with us for another month, lengthening our Christmas holidays.

Inside this issue:

Ag Ullmhú don Idirbhliain	2
Bronnadh na nDuaiseanna	2
Turas na Nollag	3
Scéal Futsal	3
Cuirteoirí	4
Turas chuig an Gaelacht	4

Lá Gan Éide Scoile

Beidh lá gan éide scoile againn sa scoil ar an Aoine 29ú lá d'Eanáir ar son GOAL agus an obair éigeandalach atá ar siúl acu i Haiti tar éis an crith talún le déanaí. Tá an lá seo eagraithe faoi stiúradh South-East Radio agus tá an-chuid scoileanna sa chontae páirteach sa bhfeachtas. Íocfaidh daltaí €2 nó €3 don phribhléid gnáth éadaí a chaitheamh ar an lá.

There will be a no-uniform day on Friday 29th January in aid of GOAL's earthquake relief work in Haiti. We all in the school have been horrified by the devastating scenes witnessed there of late. The day has been organised as part of a county-wide no-uniform action day by South-East Radio. Students will bring in €2 or €3 on the day for the privilege of turning up in their chosen attire.

Ag Ullmhú don Idirbhliain

Bhí an-spraoi ag na daltaí ar an la deireanach an téarma na Nollag

Tá foireann na scoile thar a bheith gnóthach faoi láthair ag cuir plean don Idirbhliain le chéile. Tá sé beartaithe go mbeidh cúrsa Idirbhliana ar fáil do dhaltaí na 3ú bliana i Meán Fómhair 2010, ach tá beartas ann chomh maith go n-ofrálfar áiteanna san Idirbhliain do dhaltaí ó scoileanna eile má tá éileamh ann dó. I measc na dtograí nua atá á chur le chéile tá cúrsaí ar staidéar dúchais, staidéar timpeallachta, fiontraíocht agus teicneolaíocht.
Tá sé mar aidhm san Idirbhliain fócas faoi leith a bheith ann ar fhoghlaim féin-dhírithe – sé sin, go mbeadh daltaí iad féin ag tógáil freagracht as a bhfoghlaim féin. Cothófar scileanna ar fhadhbanna a réiteach iad féin chomh maith le scileanna chumarsáide, theicneolaíochta agus taighde.

Dar leis an taighde náisiúnta is déanaí, déanann an Idirbhliain an difríocht do chumas daltaí ins an Ardteist agus nuair a théann siad ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal chomh maith. Táimid ag súil go mór le hIdirbhliain spreagúil, dúshlánach agus taitneamhach i Meánscoil Gharman. (Bróisiúr ar fáil anois ón scoil!)

Staff in the school are busy putting together a programme for Transition Year which is proposed for September 2010. Students from third year will partake and we have also opened it out to outside applicants who would like the challenge of a "TY through Irish". Among the proposed developments are subjects like environmental studies, enterprise, local heritage, social awareness and technology.
It is a critical aim in TY to foster a strong commitment to Self-Directed learning – i.e. that students take responsibility for their own learning. Skills will be developed around problem-solving as well as in research methods, communication skills and technology.
According to the latest national research students who undertake TY outperform those who go straight through to 5th year as well as equipping them better to cope with the challenges of Third Level. We are eagerly anticipating an exciting, challenging and thoroughly enjoyable TY. (A brochure is now available from the school).

"Tá sé mar aidhm san Idirbhliain fócas faoi leith a bheith ann ar fhoghlaim féin-dhírithe"

Ag 7-Up on Ice

Bronnadh na nDuaiseanna

Ar an 22ú lá Nollag, an lá deireanach scoile i 2009, bhí bronnadh na nduaiseanna againn sa scoil; bhí atmaisféar iontach ann ach bhí Cuma neirbhíseach ar aghaidh na ndaltaí ón chéad bhliain, is gnáth rud é seo do na daltaí eile faoin am seo. Bhí scrúdaithe móra tábhachtacha déanta ag an chéad bhliain den chéad uair riamh, agus bhí gach éinne ag iarraidh fáil amach cé a fuair na torthaí is fearr! Bhí na múinteoirí an-bhródúil ag tabhairt amach na duaiseanna, agus bhí sin an-soiléir.
Bhuaigh Tara Dixon (1a) agus James Teal (1b) duais do na torthaí is fearr sa chéad bhliain, agus bhuaigh Síofra De Búrca agus Macdara de Roiste duais don iarracht is fearr sa chéad bhliain.
Sa dara bhliain, bhuaigh Cáit Ní Mhurchú duais dona torthaí is fearr ina bliain, agus bhuaigh Sadhbh Dearle duais don iarracht is fearr.
Agus sa triú bhliain, bhuaigh Aisling Nic Úaid duais don iarracht is fearr, agus bhuaigh Kirsten Gorby Ní Ronáin duais dona torthaí is fearr sa bhliain. Comhghairdeas le gach éinne!!
Bhí lá iontach ag na daltaí is na múinteoirí, ag caitheamh an lá deireanach le chéile, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt, agus a chruthaigh cuimhneacháin agus atmaisféar maith ar an lá.

Awards Ceremony

On the 22nd December, the last day of school in 2009, the school held an awards ceremony for the students in the school there was a brilliant atmosphere in the room, but the students from 1st year seems nervous. For the other students this was a normal occasion.

The 1st year students had recently completed their first big exams, and were both anxious and excited about finding out who had achieved the best results. The teachers were very proud whilst handing out the prize, that was very clear to see.

The students in first year who received a prize for the best results were Tara Dixon (1a) and James Teal (1b), while Síofra De Burke and Macdara Roche received a prize for having put in the best effort in their year.

In 2nd year, Kate Murphy received her prize for achieving the best results and Sadhbh Dearle for the best effort.

And finally, in 3rd year, Aisling Quaid won a prize for having put in the best effort and Kirsten Gorby-Ronan achieved the best results in her year. Congratulations everyone!!

Both the students and teachers had a great time, spending the last day together, and we would like to thank everyone who took part in the day's events, and who helped create memories and make it a day to remember.

Turas na Nollag

Bhí turas scoile ann ar an 16ú lá de mhí na Nollag. Chuaigh na daltaí go léir agus ceathrar múinteoir Éoin, Pól, Clár agus Liz le chéile ar an turas. Bhí an chéad stop don lá i Liffey Valley. Chuaigh an chuid is mó de na daltaí ag scátáil, bhí an cúpla Emer agus Orla agus Shannon go hiontach ag coimeád súil ar na málaí. Bhí na múinteoirí, dar ndóigh, ag coimeád súil ar na daltaí!! Ach ba í Clár an múinteoir ba chróga, bhí sí in ann taispeáint do na daltaí conas scátáil le stíl agus scil. Tar éis an taispeántas scátála chuaigh an dream ag siopadóireacht! Ní raibh aon mheathlú le feiceáil. Chun críoch a chur leis an lá chuaigh an chéad bhliain go dtí an iarsmalann i nDún Uí Choileáin ag foghlaim rudaí stairiúla agus oidhreacht Eileen Gray. Chuaigh an dara agus an tríú bhliain go dtí IMMA an Iarsmalann Nua-Aimseartha Ealaíne. Bhí an taispéantas ann ar fheabhas. Chonaic na daltaí gach rud ó bhalúin go dealbhóireacht laibhe go carachtair cluichí ríomhaire go dtí cuirtíní cithe ollmhóra!! Tar éis an lae saoithiúil agus oideachasúil shroicheamar an bhaile timpeall a hocht a chlog.

The Christmas trip this year took the entire school population with four brave (foolhardy) teachers to Liffey Valley in Dublin for a display of majestic and graceful ice-skating on the part of all the students (bar the few who "had to mind the bags".) The teachers, needless to say took a full and active part as interested spectators – with the exception of Clár who showed the students a thing or two about balance and poise on ice, something we would all have found useful over Christmas this year. Then it was time for shopping and the recession was temporarily suspended. To end the day on a cultural high, first years were taken to the impressive Collins Barracks to brush up on their history and to learn a little about Eileen Grey. Second and Third years were exposed to the wonderful world of modern art in IMMA where exhibitions ranged from balloons to sculpture to computer animation to weird, outsize shower curtains. After an extremely tiring but enjoyable day we got back home at around 8pm.

Scéal Futsal

"The training starts here and Meánscoil Gharman will be back!!"

Futsal

Bhí an chéad bhliain i gcomórtás Futsal roimh an Nollaig san ionad spóirt anseo in Inis Córthaidh. Bhí roinnt scoileanna as Loch gCarman ag glacadh páirt agus bhí an grúpa ó Meánscoil Gharman i láthair chomh maith. Bhí an lá roinnte suas ina dhá chuid. Ar maidin, bhí na buachaillí ag imirt agus bhí deis ag na cailíní a mbróga pheil a chaitheamh san iarnóin. Bhí trí cluiche ag gach foireann agus iad ag iarraidh dul ar aghaidh go dtí Craobh Laighin.

Ar an drochuair, tar éis cluichí an cóngarach, níor éirigh linn. Bhí mí-ádh ar na buachaillí nuair, sa dara cluiche a bhí acu, agus iad ag buachaint, chaill siad cúl leis an cic deireanach, agus ní bheadh an seans acu dul ar aghaidh.

Tar éis iarracht an-dhian ar fad, chaill na cailíní a gcéad dhá cluiche 1-0. Bhí fíor mí-ádh orthu nach bhfuair siad aon cúl sna cluichí seo; rinne siad gach rud i gceart seachas sin.

Bhí sé éasca a fheiscint ag deireadh an lae gur bhain gach éinne an taitneamh as an lá. Tá an traenáil ag tosnú anois agus beidh Meánscoil Gharman ar ais!!!

The first years were in a Futsal competition before Christmas in the Sport Centre here in Enniscorthy. There were a lot of schools from Wexford taking part and the group from Meánscoil Gharman included

The day was divided into two parts with the boys playing in the morning and the girls having a chance to wear their football boots in the afternoon. Each team played three matches in an effort to go on to represent Leinster.

Unfortunately, after two close matches, we didn't succeed. The boys were very unlucky when, in the second match which they were leading, they lost the game on the last kick, and didn't get the chance to pull back.

After a great effort, the girls lost the first two matches 1-0. They were really unlucky not to get a score as they played well and did everything right apart from that.

It was easy to see that everyone enjoyed the day. The training starts here and Meánscoil Gharman will be back!!

Cuairteoirí ó Ghaelcholáiste Chill Dara

Ar an 2ú lá de Mhí na Nollag thug an Dara Bhliain ó Ghaelcholáiste Chill Dara (GCCD) cuairt orainn. Bhí cúpla imeacht eagraithe don lá. An chéad imeacht ná dhá dhíospóireacht. Bhí beirt dalta ó gach scoil mar mholtóirí (b'iad Daniel Neville agus Rebecca Ní Chochlain-Ní Nualláin na moltóirí s'againne).
B'í an chéad díospóireacht a bhí le plé ná "Tá saol bhog ag múinteoirí sa lá atá inniu ann. " Bhí foireann Mheánscoil Gharman (Macdara, Fiachra agus Seán) ar son an rúin. Rinneadar an díospóireacht ach nuair a chríochnaigh GCCD a gcuid argóint i gcoinne an ruin bhí sé soiléir nach raibh saol róbhog ag múinteoirí agus bhí an bua acu.
"Tá an aos-óg millte ag a dtuismitheoirí" ab ea rún an dara dhíospóireacht. GCCD a bhí ar son an ruin. Ar fhoireann na Meánscoile bhí captaen Haley, Róisín agus Rachel ag troid ar son a dtuismitheoirí agus tar éis comórtas an chóngarach roghnaigh na moltóirí Meánscoil Gharman de bharr na hargóintí láidre a rinneadar.
Tar éis lóin bhí "Dáta Dall"ar siúl. Bhí ár "Cilla Black" féin againn don lá - Séamas ó GCCD. Chuir Sean ó Dubhgáin trí cheist ar thriúr cailín ó GCCD. Tar éis éisteacht leis na freagraí suimiúla, roghnaigh sé cailín amháin agus bhí se an-sásta! Ansin, chuir Orla ó GCCD ceisteanna ar thriúr leaids ón Meánscoil, Daniel, Daithí agus Aindriú. Tar éis do Daniel a rá go dtógfadh sé go teach Dan í don dáta, roghnaigh sí buachaill uimhir a 2, Daithí, mar thógfadh seisean go Páras í. Ag deireadh an lae bhí duaiseanna ann do na buaiteoirí ar fad (ach ní raibh aon turas go Páras san áireamh!). Bhí an lá ag gach duine agus b'fhiú go mór an imeacht – tá an nasc idir an dá scoil níos láidre anois agus tá súil ag gach duine go leanfaidh sin ar aghaidh sa todhchaí.

Meanscoil Gharman

Teach Coill an Bhrúnaigh
Coill an Bhrúnaigh
Inis Corthaidh
Co. Loch gCarman

Fón: 053-923-5796
Fón Póca: 086 3838378
E-mail:
meanscoil@meanscoilgharman.ie

An Foireann Futsal

Turas chuig an Ghaeltacht

Chuaigh na daltaí ón dara bhliain ar thuras go dtí an Ghaeltacht i Mí na Samhna. Chuamar go hiarsmalann i nGaillimh agus freisin, chuamar ag siopadóireacht i nGaillimh. D'fhanamar thar oíche sa mbrú óige in Indreabhán. Ansin chuamar ar bhád go Inis Oírr. Chaitheamar cuid mhaith den lá ag rothaíocht timpeall an oileáin. An oíche sin d'fhéachamar ar an x-factor agus ar an slí abhaile stopamar ag Aillte an Mhóthair. Bhaineamar go léir an taitneamh as agus ba bhreá linn dul ar ais arís.

Students from 2nd year went on a trip to the Gaeltacht in November. We went to a museum in Galway and had some time to go shopping too. We stayed overnight in a youth hostel in Galway. Then we took a boat over to Inis Oírr. We spent a considerable time cycling around the Island. That night, we watched x-factor and on our way home we took a detour to the Cliffs of Moher. We all had a brilliant time! (Scríofa ag Shannon agus Rachel)